

Feidhm: Ag rá cad a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat
Bileoga: 3.1, 3.2 agus 3.3

- Scaip **Bileog 3.1**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh.
- Bí thusa ar fáil le Gaeilge a chur ar aon chaitheamh aimsire atá acu nach bhfuil sa liosta faoi Chuid A.

- Scaip **Bileog 3.2**.
- Abair leo féachaint ar na habairtí faoi Chuid A agus ansin cuir an téip ar siúl. Tá na habairtí céanna ar an téip - is ar mhaithe le fuaimniú atá siad ag éisteacht leis.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B. Míneigh do na foghlaimoirí gur féidir cuid de na focail/frásaí sa bhosca a chur i níos mó ná bearna amháin.

Freagraí:

1. Is maith liom **galf/peil/rugbaí** a imirt.
 2. Is maith liom dul **chuig drámaí/go dtí an phictiúrlann/ag snámh/ag siúl**.
 3. Is maith liom bheith **ag snámh/ag éisteacht le ceol/ag féachaint ar an teilifís/ag siúl/ag léamh**.
 4. Is breá liom bheith **ag snámh/ag éisteacht le ceol/ag féachaint ar an teilifís/ag siúl/ag léamh**.
 5. Is fuath liom **galf/peil/rugbaí** a imirt.
 6. Is maith liom dul **chuig drámaí/go dtí an phictiúrlann/ag snámh/ag siúl**.
 7. Is breá liom dul **chuig drámaí/go dtí an phictiúrlann/ag snámh/ag siúl**.
 8. Is fuath liom bheith **ag snámh/ag éisteacht le ceol/ag féachaint ar an teilifís/ag siúl/ag léamh**.
 9. Is maith liom **galf/peil/rugbaí** a imirt.
 10. Is maith liom dul **chuig drámaí/go dtí an phictiúrlann/ag snámh/ag siúl**.
- Nuair atá cúpla abairt scríofa acu faoi cad is maith leo féin a dhéanamh faoi Chuid C iarr ar chúpla duine sa rang a gcuid abairtí a léamh os ard.

Feidhm: Ag fiafraí de dhuine an maith leis caitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin
Bileoga: 3.3

- Scaip **Bileog 3.3**
- Cuid A: Abair leo bheith ag obair ina mbeirteanna le brí na bhfocal san alt a aimsiú agus nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.

- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus ansin cuir an téip ar siúl.
- Nuair atá sé cloiste ag an rang dhá uair iarr ar chúpla duine na cineálacha éagsúla caitheamh aimsire a sholáthar duit. Cuir an téip ar siúl arís ag an pointe seo más gá.
- Abair leo Cuid C a dhéanamh ansin, ag obair i mbeirteanna - is féidir leo **Bileog 3.2** a úsáid le cuidiú leo.
- Pléigh na habairtí leis an rang ar fad.

Feidhm: Ag cur tuairimí in iúl faoi chaitheamh aimsire

Bileoga: 3.4

- Scaip **Bileog 3.4**
- Cuid A: Abair leo bheith ag obair ina mbeirteanna le brí na n-abairtí a aimsiú. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- Pléigh na habairtí leis an rang ar fad.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B. Scríobh sampla d'abairt ar an chlár dubh le cuidiú leo, mar shampla:

Is maith liom dul ag taisteal, sílim go bhfuil sé an-mhaith!

- Sula n-iarrann tú orthu Cuid C a dhéanamh déan druil leis an rang ag cleachtadh an struchtúir seo:

An maith leat ceol traidisiúnta?

Is maith. An maith leatsa é?

Ní maith.

- Cuir an cheist thuas ar dhaoine áirithe agus cuir béim faoi leith ar an fhoirm threise – *leatsa*. Míniú d'óibh nach n-athraíonn tú do ghuth sa Ghaeilge nuair atá tú ag cur ceiste ar ais ar dhuine éigin. Ní hionann é agus an Béarla. I mBéarla deirtear – ‘do *you* like music?’ ach i nGaeilge – ‘an maith leatsa ceol?’
- Nuair atá tú sásta go bhfuil na foghlaimeoirí ar fad compordach leis na habairtí thuas iarr orthu tabhairt faoi Chuid C.

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhuine an bhfuil suim aige/aici i rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin

Bileoga: 3.5 agus 3.6

- Scaip **Bileog 3.5**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Léigh tríd na treoracha faoi Chuid B agus arís, bí cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh acu.

- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó. Ceartaigh na freagraí leis an rang ar fad, mar shampla:

Tusa: An bhfuil suim ag an chéad chainteoir i bpeil?
Foghlaimoír: Tá. Tá suim mhór **aige** sa pheil.

- Scaip **Bileog 3.6** ar na foghlaimoírí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
 - Téigh tríd na céimeanna go cúramach leo.
 - Cuir ceist ar an rang cén fáth a bhfuil rogha ann idir **ann** agus **inti** sna habairtí ar bharr an leathanaigh. Míinigh dóibh go mbraitheann sé ar inscne an ainmfhocail a bhfuil suim agat ann.
 - Sula ligeann tú do na foghlaimoírí leanúint ar aghaidh le céim 1 cuir ceist orthu an bhfuil na focail sa cholún **Ceisteanna** baininscneach nó firinscneach. Tabhair nod dóibh – Focail a bhfuil dhá shiolla iontu (litríocht) nó a chríochnaíonn le consan caol (stair) go minic bíonn siad baininscneach. Míinigh go mbaintear úsáid as ‘ann’ nuair atá an focal firinscneach (rugbaí: níl aon spéis agam *ann*) agus as ‘inti’ nuair atá an focal baininscneach (stair: níl aon spéis agam *inti*).
 - Nuair atá an siombail curtha acu in aice le gach caitheamh aimsire faoi **Tú Féin** le léiriú an bhfuil suim acu féin ann nó nach bhfuil, iarr orthu dul ar aghaidh go dtí céim 2.
 - Céim 2: Míinigh dóibh go gcaithfidh siad a machnamh a dhéanamh ar na cineálacha caitheamh aimsire céanna agus buille faoi thuairim a thabhairt an bhfuil suim ag an duine atá ag obair leo iontu. Bainfidh siad úsáid as na siombail chéanna leis na buillí faoi thuairim a léiriú faoi **Do Chara**.
 - Céim 3: Nuair atá an dá cholún **Tú Féin** agus **Do Chara** líonta acu abair leo ceisteanna a chur ar a chéile leis na freagraí cearta a aimsiú. Bainfidh siad úsáid as na siombail chéanna arís leis an fhírínne a léiriú.
 - Scaip **Bileog 3.7**.
 - Beidh tú ag **déanamh** dul **siar ar na** briathra a bhaineann le caitheamh aimsire san Aimsir Láithreach leis na foghlaimoírí agus ag déanamh mínithe ar an athrú a thagann ar an bhriathar nuair a chuireann tú ceist agus nuair a thugann tú freagra ar an cheist sin.
- a) Scríobh an dá bhriathar **síl** agus **ceannaigh** ar an chlár dubh. Cuir ceist ar na foghlaimoírí cad í an difríocht atá idir an dá fhocal. Míinigh dóibh go bhfuil siolla amháin san fhocal **síl** agus dhá shiolla san fhocal **ceannaigh** agus go gcuirtear deirí difriúla leo san Aimsir Láithreach

siolla amháin = -im/-eann agus -aim/-ann
dhá shiolla = -ím/-íonn agus -áim/-aíonn

- b) Anois scríobh na deirí ar an chlár ag fáil an oiread eolais agus is féidir ó na foghlaimoírí.

Sílim
Síleann tú/sé/sí/sibh/siad
Sílimid

Ceannaím
Ceannaíonn tú/sé/sí/sibh/siad
Ceannaímid

- c) Scríobh an cheist agus an freagra diúltach agus dearfach ar an chlár dubh. Míneigh dóibh go mbaintear úsáid as an mhír ‘An’ le ceist a chumadh san Aimsir Láithreach agus go leanann séimhiú ní sa fhreagra diúltach. Míneigh go leanann urú ‘an’ chomh maith.

An gceannaíonn sé?

Ceannaíonn/Ní cheannaíonn.

- Nuair atá na rialacha pléite leis an rang ar fad cuir gach beirt ag obair le chéile agus iarr orthu Cuid B a dhéanamh.
- Ceartaigh Cuid B.
- Abair leo a machnamh a dhéanamh ar Chuid C. Bí cinnte go bhfuil an Ghaeilge acu ar bhriathar ar bith a bhaineann lena gcaitheamh aimsire féin.
- Scaip **Bileog 3.8** ar an rang agus abair leo go mbeidh siad ag foghlaim deich mbriathar mhírrialta san Aimsir Láithreach. Míneigh dóibh nach mór an méid é seo i gcomparáid le teangacha eile.
- Iarr orthu Cuid A a dhéanamh. Míneigh gur féidir na deirí a mheas ó na ceisteanna agus na freagraí tugtha.
- Nuair atá na boscaí ar fad líonta acu abair leo a gcuid freagraí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo (Cuid B). Ansin téigh siar ar na briathra ar fad le bheith cinnte go bhfuil siad cruinn ceart.

Feidhm: Ag rá go bhfuil tú i do bhall de chlub nó de chumann

Bileoga: 3.9 agus 3.10

- Scaip **Bileog 3.9**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus bí cinnte go dtuigeann siad an difríocht idir **i mo bhall, i do bhall, ina bhall, ina ball agus ina mbaill**.
- Abair leo ansin Cuid A a dhéanamh.
- Déan Cuid B leo ina dhiaidh sin. Abair leo na ceisteanna a cheartú iad féin ó bheith ag éisteacht leis an téip. Téigh tríd gach ceist ansin leis an rang ar fad.
- Déan druil leis an rang ansin ar feadh tamaill ag cur ceiste ar dhaoine áirithe sa rang an bhfuil siad ina mball de chlubanna áirithe. Bí cinnte go dtugann siad an freagra ceart duit chomh maith.

Sampla:

An bhfuil tú i do bhall de chlub peile?
Tá/Níl.

- Scaip **Bileog 3.10** agus léigh tríd na treoracha faoi Chuid A.

- Déan iarracht an chúis le hathrú an ainmfhocail i ndiaidh **club** agus **cumann** a fháil ó na foghlaimeoirí ar dtús sula dtugann tusa an míniú dóibh.
- Abair leo gurb é an tuiséal ginideach atá i gceist agus go dtagann athruithe áirithe ar an ainmfhocal sa tuiséal ginideach, ach gur leor cúpla nod ag an phointe seo.
 - Go minic cuirtear **a** ag deireadh focal le dhá shiolla.
 - Go minic cuirtear **e** ag deireadh focal a chríochnaíonn le consan caol.
 - Go minic cuirtear **i** roimh an chonsan deiridh más consan leathan é.
- Bí cinnte go dtuigeann siad nach bhfuil sna rialacha seo ach nodanna garbha agus go bhfuil eisceachtaí ann agus a lán rialacha eile.
- Nuair atá Cuid A déanta léigh tríd na treoracha faoi Chuid B.
- Bíodh na cártaí ar **Bileog 3.11** gearrtha amach agat roimh ré.
- Tabhair dhá chárta do gach duine sa rang. Míneigh dóibh gurb iad seo an dá chlub nó an dá chumann a bhfuil siad ina mbaill díobh.
- Téigh siar ar an cheist ag bun an leathanaigh **Bileog 3.10**.
- Iarr ar gach duine seasamh suas agus abair leo dul chun cainte leis na daoine eile sa rang le fáil amach an bhfuil siad ina mbaill de chlub nó de chumann ar bith.

Feidhm: Ag fiafraí de dhuine cé chomh minic is a dhéanann sé/sí rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin
Bileoga: 3.12, 3.13, 3.14 agus 3.15

- Scaip **Bileog 3.12**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Tabhair cúpla bomaite dóibh leis na ceisteanna faoi Chuid B a léamh. Léigh thusa na treoracha agus na ceisteanna leo le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuir an téip ar siúl ansin dóibh faoi dhó.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad nuair a bheidh siad pléite acu féin.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.
- Scaip **Bileog 3.13**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Míneigh dóibh nach bhfuil sna boscaí ach samplaí le cuidiú leo agus is fearr ar fad é más féidir leo féin cur leis an fhoclóir atá sna boscaí.
- Bí thusa ag siúl thart agus ar fáil le ceist ar bith a bheadh acu a fhreagairt.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B ansin.
- Míneigh dóibh go mbeidh siad ag caint leis an duine in aice leo faoin mhéid atá scríofa acu faoi Chuid A. Beidh siad féin ag cur ceiste chomh maith ar an duine in aice leo faoi cad a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu agus cé chomh minic is a dhéanann siad rudaí éagsúla.

- Bíodh na pictiúir ar **Bileog 3.14** gearrtha amach agat roimh an rang.
- Ba cheart go mbeadh bileog amháin (**Bileog 3.14**) gearrtha amach do gach beirt.
- Míniú d'óibh go mbeidh tú ag tabhairt ocht bpictiúir d'óibh agus go mbeidh na pictiúir measctha suas – nuair a chuirtear le chéile na pictiúir san ord ceart, déanann siad scéal. Scéal simplí atá ann faoi cad a dhéanann bean darb ainm Lisa ag an deireadh seachtaine nuair a bhíonn am saor aici.
- Tabhair **Bileog 3.15** do gach duine agus na pictiúir do gach beirt.
- Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A leo agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Abair leo leanúint ar aghaidh le Cuid B nuair atá Cuid A déanta.
- Bí cinnte go bhfuil na briathra ar fad a úsáideadh sa scéal pléite leis an rang ar fad sula mbogann sibh ar aghaidh go dtí Cuid C. Cuidigh leo Gaeilge a chur ar bhriathar ar bith nach raibh ar eolas acu.

Scéal Samplach

1. Críochnaím mo chuid oibre ar a 6 a chlog Dé hAoine de ghnáth.
2. Téim abhaile i mo charr.
3. Téim go dtí an phictiúrlann le m'fhear céile oíche Dé hAoine go minic.
4. Ólaim caife maidin Dé Sathairn agus léim an nuachtán.
5. Imríom leadóg anois is arís Dé Sathairn.
6. Is breá liom dul ag damhsa oíche Dé Sathairn.
7. Bíonn tae agam le mo dheirfiúr i gcónaí maidin Dé Domhnaigh.
8. Téim ag siúl le mo mhac agus le mo mhadra nuair a bhíonn an t-am agam Dé Domhnaigh.

Feidhm: Ag tuiscint sceideal TG4

Bileoga: 3.16

- Scaip **Bileog 3.16** ar na foghlaimoirí agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Bíodh cóip agat de sceideal TG4 do gach duine sa rang.
- Cuid A: Abair leo na cláir ar an sceideal a chur sna boscaí cuí, mar shampla: Chuirfeá an clár ceoil *Siar an Bóthar* faoin teideal **Cláir Chultúrtha**.
- Bíodh tú féin thart le cuidiú leo le focal ar bith nach bhfuil ar eolas acu.
- Déan plé faoi na cláir éagsúla atá faoi na teidil leis an rang ar fad ansin.
- Cuid B: Abair leis na foghlaimoirí na cláir is fearr leo féin a roghnú (abair leo a samhlaíocht a úsáid mura bhféachann siad ar an teilifís).
- Tabhair seans ansin do gach beirt comhrá a bheith acu bunaithe ar an chomhrá samplach faoi Chuid B.

